

SÍOGAIDHE Ó FLAITHEARTA

Bhí caisleán aige i Leitir Mealláin ó dheas de Chuigéal Mór. Bhíodh sé amuigh san oidhche ag goid, ag gadaidheacht agus ag fuadach. Bhíodh sé sa lá annsin sa sgailp.

Bhuail sé stócach lá agus thug sé a raibh aige leis. “Más beo marbh mé bainfidh mé sásamh dhíot” adeir an stócach. Cailleadh an stócach.

Bhí comhluadar an tSíogaidhe i néinfheacht le chéile i nGleann an Uisge san am a dtáinig an feithideach os a gcionn agus bhí sé a’ déanamh díthcheannadh orthab. Tais an stócaigh a bhí ann. Bhí na Flaithearta a’ caitheamh leis ach ní raibh aon mhaith ann mar bhí sé caillte, gur chuireadar píosa dhá sgilling (airgead crois) isteach sa ngunna agus chuireadar anuas é. San áit a thuit sé níor fhás féar ariamh.

Dubhairt duine acab a ghul agus na bróga a bhaint díobh agus é a thomhas ina stocaí. Thomhaiseadar é agus chuireadar iallach ar an Síogaidhe a ghul agus é a thomhas nuair a bhí sé tomhaiste aca féin. Nuair a bhí sé dhá thomhas chuir an corpán an tsleagh trí n-a dhruim agus mharbhuigh sé é. Bhí deireadh leis an Síogaidhe annsin. D’imthigh an chuid eile dá bhunadh go Condae an Chláir. Ceithearnaigh a tugtaoi ar ar na Flaitheartaigh mar bhí siad ag creachadh an phobail. Bhí cuid de bhunadh an tSíogaidhe sa Tráigh Bháin agus fear eile a bhain leis Proinnsias Ó Flaithearta a bhí ar an bPáirc.